



An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2022
(OR. fr)

9960/22

FISC 131
ECOFIN 595

NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	An Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) - Conclúidí ón gComhairle = Formheas

1. I gcomhréir leis an sainordú atá aici, tuairiscíonn an Mheitheal um an gCód Iompair (COCG) don Chomhairle go rialta maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh aici ina cuid oibre. Ghlac an Mheitheal an 2 Meitheamh 2022 an tuarascáil leathbhliantúil is déanaí ón Meitheal um an gCód Iompair agus tá sí leagtha amach in 9295/22 + COR 1 +ADD 1-9.
2. Scrúdaigh an Mheitheal um an gCód Iompair dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn a bhain an Mheitheal um an gCód Iompair amach le linn Uachtaránacht na Fraince. An 8 Meitheamh 2022, thacaigh Coiste na mBuanionadaithe leis an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.
3. Dá bhrí sin, iarrtar ar an gComhairle (ECOFIN) na conclúidí a ghlacadh mar mhír 'A' ag an seisiún a bheidh aici an 17 Meitheamh 2022.

Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle

**maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)
le linn Uachtaránacht na Fraince**

Maidir leis an gComhairle:

1. IS DÍOL sásaimh di an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na Fraince, go háirithe maidir le fógraí i ndáil le neamhghníomhaíocht agus rolladh siar agus maidir le hathbhreithniú ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha i mí Feabhra 2022; FORMHEASANN SÍ an tuarascáil ón Meitheal mar a leagtar amach in 9295/22 + COR 1 + ADD 1-9 í;
2. FORMHEASANN SÍ an dul chun cinn a rinneadh sa Mheitheal, maidir le measúnú ar na fógraí i ndáil le neamhghníomhaíocht agus rolladh siar agus IARRANN sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar na tréimhsí neamhghníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar;
3. IS DÍOL SÁSAIMH DI an faireachán leanúnach atá á dhéanamh ag an Meitheal ar chur chun feidhme na nótaí treorach a d'eisigh sí roimhe seo agus an dul chun cinn a rinneadh maidir le faireachán ar chur chun feidhme Threoirlínte 2017 maidir le pribhléidí cánach a bhaineann le criosanna eacnamaíocha speisialta;

4. MEABHRAÍTEAR DI an plé a rinneadh maidir leis an athbhreithniú ar an gCód Iompair agus IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint dá cuid oibre d'fhonn an t-athchóiriú a chur chun cinn;
5. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d'idirphlé éifeachtach leis na dlínsí agus den fhaireachán, ionas go leanfaidh na dlínsí dá ngealltanais faoi seach a chomhlíonadh agus critéir liostaithe an Aontais i gcomhréir leis na spriocdhátaí a comhaontaíodh a chomhlíonadh; IS DÍOL SÁSAIMH DI go háirithe an t-idirphlé a rinneadh le déanaí le dlínsí atá i mbun athchóiriú ar a gcórais maidir le díolúine ioncaim ó fhoinse eachtrach (FSIE), le tíortha agus críocha nach ngearrann cáin nó nach ngearrann ach cáin neamhshuntasach i gcomhthéacs faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gceanglas maidir le substaintí eacnamaíocha faoi chritéar 2.2, chomh maith le dlínsí a bhfuil tionchar ag cur chun feidhme chaighdeán íosta frith-BEPS maidir le tuairisciú tír-ar-thír orthu (coireacht 3.2);
6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil an próiseas athbhreithnithe píaraí ar siúl ag an bhFóram Domhanda maidir le Trédhearcacht Cánach agus Malartú Faisnéise (an Fóram Domhanda) chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na malartuithe uathoibríocha faisnéise maidir le cuntais airgeadais i gcomhréir le Comhchaighdeán Tuairiscithe OECD (MUF CCT) agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta ag roinnt dlínsí maidir leis an gcaighdeán idirnáisiúnta a chur chun feidhme;
7. MEABHRAÍTEAR DI gur cheart go bhforbrófaí critéar 1.1 maidir le MUF CCT i gcomhréir le próiseas athbhreithnithe píaraí an Fhórait Dhomhanda; FORMHEASANN SÍ, dá réir sin, an treoir a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an tuarascáil ón Meitheal maidir le cur chun feidhme chritéar 1.1 a bheidh amach anseo ann, ag tagairt do thorthaí na n-athbhreithnithe píaraí a rinne an Fóram Domhanda maidir le cur chun feidhme MUF CCT, agus MOLANN SÍ do na tíortha agus do na críocha an caighdeán idirnáisiúnta maidir le MUF CCT a chur chun feidhme ina iomláine;

8. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint dá chuid oibre maidir le bearta cosanta i réimse na cánach i leith dlínsí neamh-chomhoibríocha, i gcomhréir leis an Treoir a comhaontaíodh, agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle go tráthrialta maidir le haon dul chun cinn breise a dhéantar sna hábhair sin;

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI éifeacht dhearfach an Chóid Iompair agus obair na Meithle maidir le cleachtais chánach dhíobhálacha a laghdú agus maidir leis an laghdú ar chórais chánach fhabhracha a laghdú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda; Is DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta, mar a léirítear sa tuarascáil ón Meitheal é, maidir leis an machnamh a rinne an Mheitheal d'fhonn éifeachtacht liosta an Aontais a fheabhsú a thuilleadh, i dtéarmaí na gcritéar agus na nósanna imeachta reatha is infheidhme maidir le tíortha agus críocha, i gcás inarb iomchuí, agus aird á tabhairt, inter alia, ar fhorbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le híosleibhéal éifeachtach cánachais; IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair sin agus tuarascáil a thabhairt don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn breise a dhéanfar sna réimsí sin;

10. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na Seice.
